

Grúpa Stiúrtha Breatimeachta

Eolas do Thuismitheoir(í) / Caomhnóir(í)

Cé muid?

Is oifig neamhspleách reachtúil í Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO). Cuireadh an OCO ar bun sa bhliain 2004 agus tá dhá phríomhról aici.

- dul i ngleic le gearáin a dhéanann nó a dhéantar thar ceann leanaí agus daoine óga faoi ghníomhartha eagraíochtaí poiblí;
- cearta agus leas leanaí agus daoine óga faoi 18 bliain d'aois a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a chur chun cinn.

An Tionscadal Breatimeachta

Sa bhliain 2016, chaith muintir na Ríochta Aontaithe vóta ar son an tAontas Eorpach (AE) a fhágáil. Cuirfear tús le hidirbheartaíocht maidir le himeacht na Ríochta Aontaithe ón AE - ar a dtugtar an Breatimeacht de ghnáth - an bhliain seo. Fágfaidh Tuaisceart Éireann an tAE in éineacht leis an gcuid eile den Ríocht Aontaithe agus fanfaidh an teorainn idir Tuaisceart Éireann agus Deisceart na hÉireann. Beidh roinnt dúshlán roimh, agus deiseanna do, leanaí agus daoine óga ar an dá thaobh den teorainn mar gheall ar an socrú seo.

Ag obair le Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga (nó *Northern Ireland Commissioner for Children and Young People, NICCY*), ba mhaith linn cinnte a dhéanamh go bhfuil tionchar ag leanaí agus daoine óga, ar an dá thaobh den teorainn, ar an idirbheartaíocht seo agus nach mbeidh tionchar diúltach ar a gcearta.

Beidh an t-imeacht óige trasteorann ar siúl go luath i Samhain 2017.

Ba mhaith linn tuilleadh eolais a fháil amach maidir leis na ceistanna ar leith a bhaineann leis an mBreatimeacht atá ag cur inní ar dhaoine óga agus cad ba mhaith leo a rá dóibh siúd a mbeidh páirt acu in idirbheartaíocht an Bhreatimeachta. Táimid ag iarraidh chomh maith go ndéanfaidh siad obair ar son imeacht trasteorann a eagrú agus a reáchtáil.

Grúpa Stiúrtha Breatimeachta

Ba mhaith leis an OCO agus NICCY coiste stiúrtha ina nglacfaidh thart ar 20 duine óg páirt - deichniúr ó Thuaisceart Éireann agus deichniúr ón Deisceart - a thabhairt le chéile chun imeacht óige trasteorann maidir le Breatimeacht a phleanáil. Sa Deisceart, tá Foróige agus Comhairle Náisiúnta na nÓg ag tabhairt cúnamh dúinn é seo a dhéanamh.

Beidh an chéad chruinniú den ghrúpa stiúrtha ar siúl [Dé Sathairn 1 Iúil 2017 ó 11 r.n. go dtí 3 i.n.](#) ag [Oifig an Ombudsman do Leanaí ar an gcéad urlár ag Teach na Mílaoise, 52-56 Sráid na Trá Mhór, Baile Átha Cliath 1.](#)

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir le conas an oifig a bhaint amach, téigh go dtí ár suíomh gréasáin: <https://www.oco.ie/about-us/where-we-are/>

Déanfar socrúithe maidir le cruinnithe leantacha leis an ngrúpa, ach táimid sa tóir ar dhaoine ar féidir leo gealladh go mbeidh

siad ar fáil lá amháin ar a laghad gach mí idir Iúil agus Nollaig 2017.

Tá sé tábhachtach bheith ar an eolas go mbeidh na cruinnithe seo ar siúl gach re seal i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, agus reáchtálfar an t-imeacht óige i Samhain in ionad cóngarach don teorainn.

Tiomantas do Dheachleachtas

Inár gcuid oibre ar fad a dhéanaimid le leanaí agus daoine óga, tá Oifig an Ombudsman do Leanaí tiomanta do dheachleachtas agus do bheith ag gníomhú chun leas na leanaí agus daoine óga. Tugtar eolas dár gcuid oibre ag polasaí um chosaint leanaí de chuid na hOifige agus ag ár dtreoirí eiteiciúla maidir le hoibriú le leanaí agus daoine óga.

Mura bhfuil duine fásta ábalta taisteal in éineacht le do leanaí go dtí an áit chruinnithe ainmnithe, (m. sh. [Oifig an Ombudsman do Leanaí, Baile Átha Cliath an 1 Iúil](#)) agus má tá tú sásta go bhfuil an leanbh ábalta taisteal ina aonar, cuir é seo in iúl ar an bhfoirm toilithe atá ceangailte.

Má tá do leanbh ag taisteal ina aonar, tá dualgas cúraim ar an OCO nó NICCY i leith do leanbh ón uair a dtéann siad isteach ina n-oifigí do gach cruinniú ar aghaidh. Má tá tuismitheoir/caomhnóir nó ceannaire in éineacht le do leanbh, níl an dualgas cúraim ar an OCO ná NICCY.

Ní thógfaidh an OCO agus NICCY grianghraf de dhaoine óga agus ní dhéanfaidh siad scannán ina bhfuil daoine óga le feiceáil ach sa chás ina bhfuil toiliú againn é sin a dhéanamh, agus ní ainmneofar na daoine óga atá páirteach ar líne.

Ní thabharfaidh an OCO agus NICCY comhaid íomhá ná sonraí pearsanta a bhaineann le daoine óga a ghlacann páirt sa

ghrúpa stiúrtha do thríú páirtithe lena n-úsáid féin.

Iarratas ar Thoilíú

Táimid ag iarraidh toiliú deonach feasach ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus comhaontú ó na daoine óga féin maidir le hiad a cheapadh ina mball den ghrúpa stiúrtha Breatimeachta.

Tabhair le fios ar an bhFoirm Toilithe atá ceangailte maidir le cibé acu an dtoilíonn tú go mbeidh do leanbh ina b(h)all den ghrúpa stiúrtha Breatimeachta de chuid OCO/NICCY agus go nglacfaidh siad páirt i roinnt cruinnithe agus san imeacht óige trasteorann.

Mura dtugann tú toiliú meán, is féidir le do leanbh páirt a ghlacadh sa ghrúpa stiúrtha agus san imeacht óige ina ainneoin sin.

Tá Foirm Chomhaontaithe (*leagan den Fhoirm Toilithe do dhaoine óga*) ann chomh maith lena líonadh isteach ag do leanbh. Tá sonraí maidir le cén áit ar cheart duit na foirmeacha a sheoladh chuige curtha san áireamh ar na foirmeacha féin.

Is féidir leat agus do leanbh toiliú a tharraingt siar ag tráth níos déanaí. Ach ós rud é go bhfuilimid ag súil go mbeidh suim ag níos mó daoine bheith páirteach ar an gcoiste stiúrtha ná is féidir linn spás a thabhairt dóibh, beimid buíoch díot má chuireann tú in iúl dúinn más amhlaidh an cás mar bheimis ábalta na háiteanna a chur ar fáil do dhaoine óga eile.

Aisíocaíocht Costas Taistil

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara nach mbeidh an oifig ábalta costais taistil a aisíoc mura bhfuil **cruthúnas taistil** agat. Mar sin, iarraidimid go gcoinneoidh gach duine óg a n-admhálacha agus go dtabharfaidh siad na hadmhálacha dúinn ag gach cruinniú. Má úsáideadh Cártaí Leap, iarraidimid go

gcuireann daoine óga líon beag airgid sa bhreis ar an gcárta agus go dtugann siad an admháil dúinn, agus más féidir go n-íocann siad le hairgead tirim ar an mbus/DART/LUAS agus go dtugann siad an admháil dúinn.

Tuilleadh Eolais

Cuirfear líon agus sólaistí ar fáil don ghrúpa stiúrtha ag gach cruinniú.

Má tá aon cheist agat maidir leis an tionscadal Breatimeachta a mbeimid ábalta cúnaimh a thabhairt maidir leo, déan teagmháil le [ainmneacha agus sonraí teagmhála]

Má tá tú ag iarraidh tuilleadh eolais a fháil amach maidir le hobair na hOifige, téigh go dtí ár suíomh gréasáin: www.oco.ie.

Go raibh maith agat.

SAMPLE